



# Nasc le Meas

Meas a léiriú sa chumarsáid ar líne

Clár Iar-Bhunscoile an Gharda Síochána





Tionchar ár ngníomhartha ar líne a thuiscint agus a thuiscint go bhféadfadh cibearbhulaíocht agus ciapadh ar líne a bheith i gceist leis na gníomhartha sin.

## Clár Iar-Bhunscoile an Gharda Síochána

Bunaíodh caidrimh ag leibhéal na bunscoile agus tógtar ar na caidrimh sin le Clár Iar-Bhunscoile an Gharda Síochána (ar a dtugtaí Clár Meánscoile an Gharda Síochána roimhe seo). Féachfaidh na Gardaí le cuairt a thabhairt ar gach rang uair sa scoilbhliain. Clúdaítear na hábhair seo a leanas sa chlár iar-bhunscoile; an tsábháilteacht phearsanta, úsáid substaintí, éagsúlacht/cearta daonna, iarmhairtí iompair fhrithshóisialta agus ionsaithe, cionta gnéasacha agus an tsábháilteacht ar líne.

## An Paca 'Nasc le Meas'

Tugtar aghaidh le Nasc le Meas, a forbraíodh i gcomhar le Webwise, ar an gcibearbhulaíocht, agus is é is aidhm dó an t-iompar sin a chosc agus a chur a gcumas do scoláirí freagairt go héifeachtach má tharlaíonn an chibearbhulaíocht nó an ciapadh. Ceapadh an ceacht seo chun cabhrú le scoláirí sa chuid shóisearach den iar-bhunscoil (idir 12-14 bliana d'aois) tionchar a ngníomhartha ar líne a thuiscint agus a thuiscint go bhféadfadh cibearbhulaíocht agus ciapadh ar líne a bheith i gceist leis na gníomhartha sin. Is é is aidhm dó cabhrú le scoláirí a aithint nach bhfuil an ciapadh ar líne ná an chibearbhulaíocht ceart, cóir ná cothrom agus, uaireanta, gur cion coiriúil atá ann.

## Bí in CTRL

Tacaítear le Clár Iar-Bhunscoile an Gharda Síochána le ceacht breise dar teideal Bí in CTRL lena dtugtar aghaidh ar an gcomhéigean agus an sracadh gnéasach ar líne. Is acmhainn OSPS na Sraithe Sóisearaí é Bí in CTRL, a forbraíodh i gcomhar le Webwise, ina dtéitear i ngleic le comhéigean agus sracadh gnéasach daoine óga ar líne. Is é is aidhm dó scoláirí a chur ar an eolas faoin gcoir sin, feasacht a mhúscailt ar iompar sábháilte ar líne agus daoine óga a chumasú chun cúnamh a lorg agus eachtraí a thuairisciú do na Gardaí.

Tabharfar deis do scoláirí leis an gceacht seo a aithint gur coir é comhéigean agus sracadh gnéasach a dhéanamh ar pháistí ar líne, músclófar feasacht ar an gcumarsáid shábháilte ar líne agus cuirfear in iúl dóibh gur cheart cúnamh a lorg agus tuairisciú a dhéanamh.

Is féidir teacht ar an acmhainn seo saor in aisce anseo: **webwise.ie/beinctrl**

## Webwise

Is é Webwise Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín arna chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

Cuireann Webwise úsáid neamhspleách, éifeachtach agus sábháilte an idirlín chun cinn i measc daoine óga trí bhíthin straitéis leanúnach feasachta agus faisnéise a dhíríonn ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar na páistí féin, agus ina dtugtar teachtaireachtaí comhleanúnacha, ábhartha.

Forbraíonn agus scaipeann Webwise acmhainní a chabhróidh le múinteoirí sábháilteacht idirlín a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim ina scoileanna. Cuirimid faisnéis, comhairle agus uirlisí ar fáil do thuismitheoirí chun tacú leo a bheith páirteach i saol na bpáistí ar líne agus a bheith eolach faoi.

Is cuid de SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas é Webwise, a thacaíonn le teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim i mbunscoileanna agus i meánscoileanna agus cuireann sé an comhtháthú sin chun cinn freisin. Is rannóg den tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) é SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas. Is seirbhís tacaíochta é SFGM de chuid na Rannóige um Oideachas Múinteoirí, an Roinn Oideachais agus Scileanna a óstáiltear in Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar.

Tabhair cuairt ar webwise.ie le haghaidh tuilleadh eolais agus acmhainní saor in aisce.

# CLÁR ÁBHAR

**Faisnéis chúlra** **4**

Seicliosta don Gharda 4

Conas an acmhainn seo a úsáid 5

Ag Tosú: Ag ullmhú don chuairt 5

Treoir maidir leis an gceacht Nasc le Meas a thabhairt 7

**An ceacht Nasc le Meas** **9**

Bileog oibre 1: Connected 14

Bileog oibre 2: Tráth na gCeist – An Dlí, an tIdirlíon agus Mise 15

Bileog oibre 2.A: Bileog freagraí 16

Bileog oibre 3: Ag Dul Thar Fóir: Cásanna samplacha 17

**Aguisíní** **19**

Aguisín 1: Seicliosta: Clár agus/nó áisitheoirí seachtracha a úsáid 19

Aguisín 2: Bunrialacha samplacha 20

Aguisín 3: Cineálacha difriúla ciaptha ar líne 20

Aguisín 4: Conas a nascaimid lena chéile? 21

Aguisín 5: Ceisteanna coitianta 24

Aguisín 6: Acmhainní frithbhulaíochta agus sábháilteachta ar líne d'Iar-bhunscoileanna 29

Is ar an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí a bheidh an fhreagracht iomlán as inneachar an leabhráin seo agus ní gá go léirítear tuairim an Aontais Eorpaigh ann.

# SEICLIOSTA DON GHARDA

## Sula dtugann tú cuairt ar an scoil bí cinnte aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo a leanas:

- Is gá ullmhúchán a dhéanamh roimh na ceachtanna a thabhairt. Léigh na treoirábhair uile a chuirtear ar fáil sa phacáiste seo.
- Scoraigh cruinniú leis an scoil/ múinteoir ranga chun an chaint maidir le Nasc le Meas a phlé agus chun teacht ar chomhaontú maidir le formáid na cainte (féach treoracha agus pointí plé ar lgh.5-6).
- Cuir eolas ar Pholasaí Úsáide Inghlactha, ar Chód Iompair agus ar Ráitis Coimircithe Leanaí na scoile. Cloígh le Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí i gcásanna ina ndéanann scoláire nochtadh.
- Cuir eolas ar na treoirlínte maidir le cuairteanna (féach Aguisín 1).
- Cinntigh roimh ré go gcuirfidh an scoil ríomhaire, rochtain ar an idirlíon agus callairí ar fáil duit lena n-úsáid.
- Tugtar tacaíocht don chaint le físeán agus cur i láthair scriptithe atá ar fáil ag webwise.ie/ga/muinteoiri-ga/an-clar-nasc-le-meas/ nó ag garda.ie.
- Ba cheart cóip de na ceachtanna agus de na gníomhaíochtaí (lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a dhéantar roimh an gcuairt agus ina diaidh) a thabhairt don mhúinteoir sula dtugtar na ceachtanna.
- Labhair le do chomhghleacaithe sa stáisiún chun a fháil amach an bhfuil aon fhadhbanna sa cheantar áitiúil nó ar tharla aon eachtra le déanaí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chaint (Féach ar eachtraí PULSE a thit amach le déanaí).
- Labhair le do chomhghleacaithe sa stáisiún chun a fháil amach an bhfuil aon fhadhbanna sa cheantar áitiúil nó ar tharla aon eachtra le déanaí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chaint (Féach ar eachtraí PULSE a thit amach le déanaí).
- Cuir eolas ar na cibirbheartais agus ar na nósanna imeachta um chosaint leanaí is déanaí laistigh den Gharda Síochána.
- Ná déan dearmad foirm fillte a líonadh isteach agus a sheoladh chuig schoolsprogramme@garda.ie laistigh d'aon sheachtain amháin tar éis an ceacht a thabhairt (cuir cc chuig do mhaoirseoir i gcónaí agus an fhoirm á seoladh).

# Conas an acmhainn seo a úsáid

**Fáilte go Nasc le Meas. Is é is aidhm don acmhainn seo cabhrú le scoláirí sa chuid shóisearach den iar-bhunscoil (idir 12-14 bliana d'aois) tionchair a ngníomhartha ar líne a thuiscint agus a bheith ar an eolas go bhféadfadh sé go mbeadh cibearbhulaíocht agus ciapadh ar líne i gceist leis na gníomhartha sin.**

Is é is aidhm dó cabhrú le scoláirí a aithint nach bhfuil an ciapadh ar líne ná an chibearbhulaíocht ceart, cóir ná cothrom agus, uaireanta, gur cion coiriúil atá ann. Is iad cuspóirí na cainte seo an t-iompar sin a chosc agus scoláirí a chumasú chun freagairt go héifeachtach má tharlaíonn an chibearbhulaíocht nó an ciapadh.  Dearadh an ceacht Nasc le Meas lena úsáid chun tacú agus cur le clár oibre OSPS na scoile.

Sa leabhrán seo, tugtar eolas maidir le hullmhúchán a dhéanamh don chuairt scoile, cuirtear ábhair thacaíochta ar fáil chun cabhrú leat an chaint a thabhairt agus treoraítear chuig an áit a bhfuil tuilleadh eolais le fáil thú.




## Ag Tosú – Ag ullmhú don chuairt

Ní mór ullmhúchán a dhéanamh roimh na ceachtanna a thabhairt. Léigh an fhaisnéis chúlra a chuirtear ar fáil sa treoirleabhar seo sula dtosaíonn tú an clár.

Eagraigh cruinniú leis an scoil roimh an gcuairt agus ina diaidh chun plé agus pleanáil a dhéanamh maidir leis an mbealach is fearr chun na ceachtanna a thabhairt. Ba cheart na nithe seo a leanas a phlé leis an scoil roimh ré agus teacht ar chomhaontú maidir leo freisin:

- Seiceáil Polasaí Úsáide Inghlactha, Cód Iompair agus Ráiteas Coimircithe Leanaí na scoile. Is doiciméid thábhachtacha iad sin chun cabhrú leis an scoil dul i ngleic le saincheist ar bith a thagann chun cinn. Iarr ar an scoil na doiciméid sin a sheoladh chugat sula dtugann tú an seisiún.
- Bacheart aird a thabhairt ar leochaileachtaí féideartha na scoláirí agus ba cheart féachaint le haon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an gclár a íoslaghdú a mhéid is féidir.
  Labhair leis an múinteoir ranga nó leis an gceann bliana chun a fháil amach an bhfuil aon fhadhbanna ann leis an gcibearbhulaíocht sa rang/sa bhliain faoi láthair. I gcás scoileanna móra, d'fhéadfadh sé gurbh fhiú labhairt leis an gcomhairleoir gairmthreorach.
- D'fhonn a chinntiú go mbeidh na ceachtanna seo inrochtana do gach dalta, téigh i gcomhairle leis an múinteoir maidir le hinneachar an cheachta roimh ré. D'fhéadfadh sé go mbeadh comhairle ag an múinteoir maidir le difreáil a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí le haghaidh scoláirí ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chun go mbeidh siad in ann torthaí foghlama na acmhainne seo a bhaint amach. **Tá sé ríthábhachtach aird ar leith a thabhairt ar scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ós iadsan is mó atá i mbaol a bheith leochaileach sa timpeallacht ar líne.**



- D'fhéadfadh sé gur phléigh an scoil ábhar na bulaíochta leis na scoláirí cheana féin. Ba cheart sin a phlé leis an scoil roimh ré chun a chinntiú go gcuirfidh na ceachtanna le clár OSPS na scoile.
- Tabhair cóip den cheacht/den chlár don mhúinteoir/chomhordaitheoir OSPS roimh an gceacht.
- Tar ar chomhaontú leis an múinteoir ranga roimh ré maidir leis na gníomhaíochtaí is oiriúnaí do phróifíl aoise agus do leibhéal rannpháirtíochta na scoláirí.
- Tugtar eolas do mhúinteoirí ranga in Aguisín 6 maidir le ceacht is féidir a dhéanamh tar éis na cainte mar aon le hacmhainní breise maidir leis an tsábháilteacht ar líne, tabhair cóip den liosta acmhainní dom mhúinteoir ranga roimh an gceacht.
- Cinntigh roimh ré go gcuirfidh an scoil ríomhaire, rochtain ar an idirlíon agus callairí ar fáil duit lena n-úsáid.
- Seiceáil leis an múinteoir go bhfuil leagan amach an tseomra ranga oiriúnach d'inneachar an cheachta agus do na gníomhaíochtaí.
- Sonraítear an méid seo a leanas i dtreoirlínte na Roinne Oideachais maidir le cuairteanna, **"Oibríonn áisitheoirí seachtracha faoi threoir agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga a fhanfaidh sa seomra ranga leis na scoláirí gach uile thráth agus a mbíonn ról lárnach aige i ndáil le seachadadh an ábhair".**[1] Ba cheart sin a chomhaontú leis an múinteoir roimh an gcuairt. Cuir eolas ar Threoirlínte na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le Cuairteanna (féach Aguisín 1).
- D'fhéadfadh sé go bpléifí roinnt saincheisteanna sna ceachtanna a bheidh íogair i gcás cuid de na scoláirí. D'fhonn príobháideachas agus folláine gach scoláire a chosaint, tá sé tábhachtach go dtuigfeadh na scoláirí na teorainneacha a bhaineann le rúndacht agus go dtuigfidís nach gceadófaí dóibh scéalta pearsanta a phlé. Tá sé riachtanach tuiscint mhaith a bheith agat ar Ráiteas Coimircithe Leanaí na scoile agus cloí leis na Nósanna Imeachta Cosanta Leanaí i gcásanna ina ndéanfaí nochtadh ós rud é go bhfuil dualgas dlíthiúil ann aon nochtadh a dhéanann páiste a thuairisciú. Ba cheart don mhúinteoir faoi shainordú a bheith i láthair le linn an cheachta agus tá dualgas ar an múinteoir sin aon nochtadh a thuairisciú. **Tábhachtach:** Tá freagracht ar na Gardaí déileáil le nochtaí mar a bhfuil páiste i mbaol láithreach díobhála.
- Cinntigh go bhfuil an príomhoide agus na tuismitheoirí eolach ar an gclár agus ar an uair a theagascfar sa scoil é.
- Iarrtar ar scoláirí sa cheacht má tá a fhios acu cé hé nó cé hí Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) na scoile. Chuige sin, ní mór DIA na scoile a sheiceáil leis an múinteoir roimh ré.

**Anuas ar an gcruinniú leis an scoil:**

- Labhair le do chomhghleacaithe sa stáisiún chun a fháil amach an bhfuil aon fhadhbanna sa cheantar áitiúil nó ar tharla aon eachtra le déanaí a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chaint. (Féach ar eachtraí PULSE a thit amach le déanaí).
- Cuir eolas ar na Cibirbheartais agus faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí is déanaí laistigh den Gharda Síochána.

[1] Imlitir na Roinne Oideachais agus Scileanna Uimh. 0043/2018 arna heisiúint chuig gach Iar-bhunscoil: https://www.gov.ie/ga/ciorclan/8e47e64109bf44c6b1ce7dfb73c489fd/



## Treoir maidir leis an gceacht Nasc le Meas a thabhairt

Ceapadh an chaint seo le go dtabharfadh Gardaí í os comhair aon ghrúpa ranga amháin, grúpa ina bhfuil 30 scoláire nó níos lú, más féidir. **Ní mór don mhúinteoir ranga a bheith i láthair ar feadh na cainte ina hiomláine.** Ag brath ar an méid ama a chuireann an scoil ar fáil, is féidir gach ceann nó rogha de na gníomhaíochtaí atá sa leabhrán seo a dhéanamh.

D'fhéadfadh sé go dtógfadh na gníomhaíochtaí molta a leagtar amach sna ceachtanna ní ba mhó ama ná an méid ama a luaitear leo. Bí cinnte go bhfágann tú am chun an fhoghlaim a phróiseáil ag deireadh an tseisiúin ach go leor ama a fhágáil le haghaidh ceisteanna. Má cheapann tú nach mbeidh go leor ama agat, is féidir leat gníomhaíochtaí a athrú nó a fhágáil ar lár, más gá. Bain úsáid as na scripteanna agus as na cuir i láthair PowerPoint atá curtha ar fáil duit.

Tá sé tábhachtach bunrialacha soiléire a leagan síos d'fhonn an t-iompar agus an rannpháirtíocht sa seomra ranga a bhainistiú sula dtéann tú i ngleic leis na saincheisteanna a ardaítear sa cheacht seo. Ba cheart na bunrialacha sin a shocrú ag tús an tseisiúin ionas go mbeidh siad chun cinn in intinn na scoláirí lena linn. Seiceáil leis an múinteoir cibé atá rialacha i bhfeidhm sa rang cheana féin nó nach bhfuil, nó féach Aguisín 2 le haghaidh bunrialacha molta.

Agus an bhulaíocht/an chibearbhulaíocht á plé agat sa seomra ranga, déan iarracht na scoláirí a spreagadh chun **labhairt i dtéarmaí ginearálta** agus gan ainmneacha a úsáid nó daoine aonair ar leith a lua, e.g. bain úsáid as focail ar nós na cinn seo a leanas:

"D'fhéadfadh duine... agus mar gheall air sin, d'fhéadfadh sé go mbraithfeadh duine éigin eile..."

"Uaireanta, d'fhéadfadh duine..."

D'fhonn plé cuimsitheach measúil a chur chun cinn, cuimhnigh orthu seo a leanas:

- Ceisteanna oscailte a úsáid – soiléiriú, samplaí agus sainmhínithe a iarraidh.
- Cothromaíocht a bhaint amach i nglór na scoláirí ach córas dearbhán a úsáid chun na scoláirí go léir a spreagadh le bheith rannpháirteach – mar shampla, d'fhéadfá liathróid a úsáid chun freagraí a roghnú.
- Fiosracht a léiriú chun plé a spreagadh, mar shampla – táim fiosrach faoin bhfáth a gceapann sibh é sin?
- Deireadh a chur ar an bplé le dhá nó trí phríomhphointe.
- Ba cheart don mhúinteoir atá i láthair tacú leis an bplé ranga agus ba cheart don mhúinteoir OSPS déileáil le ceisteanna íogaire.
- Léirítear i dtorthaí taighde nach bhfuil na cuir chuige teagaisc seo a leanas éifeachtach ach go pointe áirithe agus nach gcabhraíonn siad le OSPS a chur chun feidhme go héifeachtach. I bhfianaise na dtorthaí taighde sin, moltar do scoileanna na cuir chuige seo a leanas a sheachaint:

**Scéalta chailleach an uafáis**
Tá faisnéis a scanraíonn páistí agus a dhéanann áibhéil ar iarmhairtí diúltacha míchuí agus is mó dochar ná maitheas a dhéanann sí.

**Idirghabhálacha le scéalta gáifeacha**
Tá idirghabhálacha a chuireann cuma na mealltachta ar iompar baolach nó a léiríonn an t-iompar sin ar bhealach atá spleodrach agus suimiúil míchuí agus d'fhéadfaidís daoine a spreagadh le rioscaí míchuí a thógáil.

**Teistiméireachtaí**
Féadfaidh scéalta faoi stíl mhaireachtála chontúirteach a bhí ag daoine roimhe seo an t-iompar sin a spreagadh seachas a chosc ach laochra a dhéanamh de na daoine a thugann na teistiméireachtaí.

**Idirghabhálacha bunaithe ar fhaisnéis amháin**
Tá cláir atá bunaithe ar fhaisnéis amháin an-teoranta maidir leis na torthaí foghlama a d'fhéadfaí a bhaint amach leo agus d'fhéadfadh sé gur mó dochar ná maitheas a dhéanfaidís ó thaobh tionchar a imirt ar luachanna, meonta agus iompar.

**Faisnéis nach bhfuil aois-oiriúnach**
D'fhéadfadh sé gur mó dochar ná maitheas a dhéanfadh sé ó thaobh tionchar a imirt ar luachanna, meonta agus iompar dá dtabharfaí faisnéis do scoláirí maidir le hiompair nach dócha go mbeidh siad páirteach iontu.

**Idirghabhálacha aonuaire/gearrthéarmacha**
Ní bhíonn idirghabhálacha gearrthéarmacha, cibé acu atá siad pleanáilte nó ina bhfreagairt do ghéarchéim, éifeachtach.

**Iompar baolach daoine óga a normalú**
Má chuirtear in iúl do dhaoine óga, go díreach nó go hindíreach, go mbeidh/go bhfuil a bpiaraí ar fad páirteach in iompar baolach, d'fhéadfadh sé brú a chur orthu rudaí a dhéanamh nach ndéanfaidís murach sin.

**Cur chuige teagascach**
Tá cuir chuige theagascacha atá treorach amháin neamhéifeachtach maidir leis OSPS/OCG a chur chun feidhme go héifeachtach.

## Ceangailte

Is gné thábhachtach den chaint an scannán **Connected**. Is gearrscannán é Connected atá bunaithe ar eachtraí a tharla agus ina mbreathnaítear ar an gcaoi a mbíonn daoine óga i mbun cumarsáide agus ag nascadh lena chéile ar líne. Spreagtar daoine óga sa scannán chun machnamh a dhéanamh ar an gcúis a bhfuil tábhacht lena ngníomhartha agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na gníomhartha sin ar dhaoine eile. D'fhonn úsáid éifeachtach a bhaint as an scannán sa chaint, ní mór callairí feidhmiúla a bheith ceangailte leis an ríomhaire. Tá an scannán leabaithe sa chur i láthair PowerPoint agus tá sé ar fáil ar líne chomh maith ag webwise.ie/ga/muinteoiri-ga/an-clar-nasc-le-meas/.

## Tacaíochtaí do Thuismitheoirí

Is iad tuismitheoirí príomhoideachasóirí a bpáistí agus tá an t-am a chaitheann déagóirí ar líne sa bhaile ag dul i méid. Tá sé riachtanach oideachas a chur ar thuismitheoirí agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir leis an ábhar seo chun go mbeidh siad in ann iompar cuí ar líne a chur chun cinn. Mhol do scoileanna aird na dtuismitheoirí a tharraingt ar na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh ar webwise.ie/ga/tuismitheoiri ach nasc a chur ar shuíomh gréasáin na scoile nó an leabhrán dar teideal Comhairle do Thuismitheoirí maidir le Sábháilteacht ar Líne atá ar fáil ar webwise.ie/ga/tuismitheoiri a scaipeadh ar chumann na dtuismitheoirí.



## Tar éis na cainte: Ag seiceáil isteach leis an scoil

Moltar go mbeadh cruinniú agat leis an múinteoir OSPS tar éis an tseisiúin chun ceisteanna a fhreagairt agus nóta a dhéanamh d'aon ábhar imní a tháinig chun cinn maidir le leas leanaí.

Tar éis an chaint a thabhairt, mhol don scoil leanúint ar aghaidh leis na ceachtanna ach acmhainní Webwise (Aguisín 6) a úsáid, tá na hacmhainní saor in aisce sin ar fáil do na scoileanna chun dul i ngleic le ceachtanna maidir leis an tsábháilteacht ar líne ar bhonn leanúnach. Forbraíodh ceacht leantach ar leith le haghaidh na cainte Nasc le Meas. Leagtar sonraí an cheachta sin amach in Aguisín 6 agus is féidir teacht orthu freisin ag www.webwise.ie/ga/muinteoiri-ga/an-clar-nasc-le-meas.

**Cuir Mol Tuismitheoirí Webwise ag webwise.ie/ga/tuismitheoiri, i gcuimhne do scoileanna, ar a bhfuil comhairle agus acmhainní saor in aisce ar fáil do thuismitheoirí maidir le réimse ábhar agus saincheisteanna a bhaineann leis an tsábháilteacht ar líne.**

## Bí in CTRL

Is féidir caint na nGardaí do na scoileanna mar chuid de Bí in CTRL a úsáid chun leanúint leis an gceacht Nasc le Meas. Is acmhainn OSPS don tSraith Shóisearach é Bí in CTRL, a forbraíodh i gcomhar le Webwise, ina dtéitear i ngleic le comhéigean agus sracadh gnéasach daoine óga ar líne. Is é is aidhm dó scoláirí a chur ar an eolas faoin gcoir sin, feasacht a mhúscailt ar iompar sábháilte ar líne agus daoine óga a chumasú chun cúnamh a lorg agus eachtraí a thuairisciú do na Gardaí. Tabharfar deis do scoláirí sa cheacht seo a aithint gur coir é comhéigean agus sracadh gnéasach a dhéanamh ar pháistí ar líne, músclófar feasacht ar an gcumarsáid shábháilte ar líne agus cuirfear in iúl dóibh gur cheart cúnamh a lorg agus tuairisciú a dhéanamh.

Tá an paca Bí in CTRL ar fáil anseo: www.webwise.ie/ga/biinctrl/

# An Ceacht Nasc le Meas

## Meas a léiriú sa chumarsáid ar líne

**Torthaí Foghlama:**

Beidh scoláirí in ann a bhfuil i gceist leis an gciapadh ar líne agus leis an gcibearbhulaíocht a aithint agus tuigfidh siad nach féidir glacadh leis. Fiosróidh scoláirí tionchar na cibearbhulaíochta agus an chiaptha ar líne ar dhaoine óga. Beidh siad in ann bealaí a shainaithint chun freagairt go héifeachtach má chaithfidh siad dul i ngleic leis an gciapadh ar líne nó leis an gcibearbhulaíocht.

**Táscairí na Folláine:**

- Feasach
- Ceangailte
- Freagrach
- Acmhainneach
- Meas

**Naisc churaclaim:**

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte

Sonraíocht na Sraithe Sóisearaí Snáithe 2: Ag tabhairt aire dom féin agus do dhaoine eile.

Frithbhulaíocht

2.10 Cur síos a dhéanamh ar fhreagairtí cuí i leith teagmhais bhulaíochta.

2.11 Breithmheas a thabhairt ar róil rannpháirtithe agus lucht féachana i dteagmhais bhulaíochta.

Cumarsáid Mheasúil

2.8 Scileanna na héisteachta gníomhaí agus na freagartha cuí a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla.

2.9 Scileanna maithe cumarsáide a úsáid chun freagairt don cháineadh agus don aighneas.

**Acmhainní a bheidh ag teastáil:**

- Cur i láthair PowerPoint leis an bhfíseán Connected (ar fáil ag webwise.ie/ga/muinteoiri-ga/an-clar-nasc-le-meas).
- Cártaí meaitseála a priontáladh agus a gearradh amach (Aguisín 4).
- Cóipeanna de bhileoga oibre 1, 2 agus 3.

**Teicneolaíochtaí digiteacha a leabú**

Is féidir le scoileanna a bhfuil fáil acu ar ghléasanna digiteacha (e.g. táibléid, ríomhairí glúine, fóin etc.) iad a chomhtháthú sna gníomhaíochtaí. Tá na roghanna sin marcáilte leis an gcomhartha

**Modheolaíochtaí**

Gníomhaíocht meaitseála péirí, tráth na gceist, físanailís, obair ghrúpa.

**Rudaí le cur san áireamh:**

- Moltar na treoirlínte dea-chleachtais a léamh agus bualadh leis an scoil sula dtugtar an ceacht seo. Sula dtabharfaidh tú faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach bunrialacha soiléire a leagan síos leis an rang agus go gcreidfeadh na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang OSPS.
- Tóg am chun cuntas a thabhairt ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den rang), dá gcuirfeadh aon cheann de na saincheisteanna a phléifí sa rang isteach orthu agus dá mbeidís ag iarraidh labhairt le duine éigin.
- Tarraing aird ar an dualgas atá ort aon nochtadh a dhéantar maidir drochúsáid nó gníomhaíocht ghnéasach faoi aois a thuairisciú.
- Is fearr plé ar chásanna a bhfuil cur amach ag na scoláirí orthu a sheachaint. B'fhearr an plé a dhíriú ar an scéal a chuirtear i láthair sna ceachtanna.

# Script a ghabhann leis an gcur i láthair agus na gníomhaíochtaí don Gharda/Mhúinteoir

## Sleamhnán 1: Réamhrá

Thug bhur múinteoir cuireadh dom teacht isteach inniu chun cuidiú leis ciapadh ar líne agus cibearbhulaíocht a chlúdach. Cuireann sé mearbhall ar roinnt daoine toisc nach gcuireann an t-idirlíon ar ár gcumas gothaí daoine a fheiceáil ar an mbealach a dhéanaimid sa saol réadúil agus mar sin uaireanta is féidir linn an líne a thrasnú i ngan fhios dúinn féin. D'fhéadfadh tionchar ár ngníomhartha ar líne a bheith i bhfad níos mó ná mar a thuigimid. D'fhéadfadh tionchar ár ngníomhartha ar líne a bheith i bhfad níos mó ná mar a thuigimid.

Díreoidh an ceacht seo inniu ar chásanna ciaptha agus bulaíochta a shainaithint, agus ansin beidh a bhfuil agus nach bhfuil inghlactha sé níos soiléire dúinn Ba cheart go gcabhródh sé libh aon iompar tromchúiseach a sheachaint. Is iontach an rud é an t-idirlíon chun ceangal a dhéanamh le daoine eile, ba mhaith linn a chinntiú gur áit shábháilte agus mheasúil atá ann chomh maith.

## Sleamhnán 2: Bunrialacha

Bealach amháin le fanacht sábháilte agus meas a léiriú is ea tacar soiléir rialacha a bheith againn chun cabhrú linn. Sula dtosóimid, meabhraímis dúinn féin roinnt bunrialacha lárnacha don phlé sa rang. Téigh trí na pointí ar an sleamhnán.

Bí cinnte an dara bunriail ón deireadh a mhíniú go soiléir: **An rud a roinntear sa rang, fanfaidh sé sa rang… ach tá teorainneacha leis sin má tá imní ar an múinteoir. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé oiriúnach a chur in iúl do na scoláirí anseo go gcaithfidh an scoil de réir dlí comhairle agus tacaíocht a lorg ó TUSLA má tá imní ann go bhfuil duine éigin i mbaol. Fiafraigh díobh an bhfuil a fhios acu cé hé an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) sa scoil agus cé hé an Leas-Duine Idirchaidrimh Ainmnithe.**

Má bhriseann duine ceann de na rialacha ag pointe ar bith le linn an chuir i láthair, cuir sin in iúl dóibh go réidh ach rud éigin mar seo a leanas a rá: "fan nóiméad, sílim go bhfuil tú ag déanamh dearmad ar na bunrialacha a cheap do rang, cuimhnigh ar an gceann faoi…

## Sleamhnán 3: Conas a nascaimid lena chéile?

Tá go leor bealaí ag daoine óga chun nascadh le daoine eile ar líne. Táimid chun gníomhaíocht mheaitseála a dhéanamh anois chun a fháil amach an bhfuilimid in ann na bealaí go léir lena ndéanaimid naisc ar líne a shainaithint. (Mura ndearna tú na cártaí a thabhairt amach nuair a tháinig na scoláirí isteach, iarr ar an múinteoir anois cabhrú leat cárta amháin a thabhairt do gach scoláire – Féach Aguisín 4). Tá siombailí ag deichniúr sa seomra, tá cur síos ag deichniúr eile agus tá ainmneacha na modhanna cumarsáide sin ag an deichniúr deireanach. Nuair a déarfaidh mé libh é, tá sibh chun seasamh agus iarracht a dhéanamh bhur ngrúpa meaitseála a aimsiú. Nuair a bheidh bhur ngrúpa meaitseála aimsithe agaibh, cuirigí bhur lámha san aer. (Tabhair am dóibh sin a dhéanamh; gníomhaíocht torannach a bheidh ann, is dócha, ach ní haon dochar sin!)

## Sleamhnán 4: Na Buntáistí agus na Míbhuntáistí.

Tá a fhios againn go bhfuil roinnt mhaith gnéithe dearfacha ag baint le bheith ar líne, ach tá a fhios againn freisin go mbaineann gnéithe diúltacha leis chomh maith. In bhur ngrúpaí de thriúr, an bhfuil sibh in ann gné dhearfach agus gné dhiúltach a shainaithint maidir leis an mbealach nasctha atá ag bhur ngrúpa? (Tabhair cúpla nóiméad do na scoláirí é sin a phlé agus éist le haiseolas ó na grúpaí ar fad nuair a bheidh sin déanta acu. Déan iarracht gan trácht a dhéanamh faoin aiseolas a thugann siad, ach amháin má bhriseann siad ceann de na bunrialacha ar thángthas orthu ag tús na gníomhaíochta). An bhfuil cosúlachtaí idir na grúpaí maidir leis na buntáistí agus na míbhuntáistí?

### Sleamhnán 5: An Chibearbhulaíocht

Inniu, táimid ag díriú ar mheas a léiriú sa chumarsáid. Tá sé tábhachtach na buntáistí agus an taobh dearfach den chumarsáid ar líne a aithint leis na scoláirí agus cé gur acmhainn den scoth é an t-idirlíon a chuireann ar ár gcumas dúinn go leor rudaí difriúla a dhéanamh, go mbeimid ag féachaint ar a dtarlaíonn nuair nach léirítear meas sa chumarsáid ar líne, nó, i gcásanna áirithe, a dtarlaíonn nuair a théann an chumarsáid ar líne i dtreo an chiaptha agus conas déileáil leis sin. Téigh trí shainmhínithe na bulaíochta agus na cibearbhulaíochta leis na scoláirí.
Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach tuiscint a thabhairt dóibh ar na cineálacha difriúla ciaptha ar líne (féach Aguisín 3).

Cad is bulaíocht ann?
Sainmhínítear an bhulaíocht mar iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine (nó daoine) eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.

Cad is cibearbhulaíocht ann?
Sainmhínítear an chibearbhulaíocht mar " teachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire a chuirtear ar shuíomh gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil agus/nó a bheith athráite ag daoine eile" (Gnásanna Frithbhulaíochta, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2013).

### Sleamhnán 6: An físeán Connected

Táim chun físeán a thaispeáint daoibh atá bunaithe ar thaithí fíorshaol daoine óga maidir le cumarsáid agus nascadh ar líne. Agus sibh ag féachaint air, bígí ag smaoineamh ar ghníomhartha na gcarachtar agus ar thionchar na ngníomhartha sin ar dhaoine eile. Tá an físeán Connected ar fáil ag an nasc seo webwise.ie/ga/muinteoiri-ga/an-clar-nasc-le-meas/ nó ag garda.ie.

### Sleamhnán 7: Conas a mhothófá?

Tabhair cóip de bhileog oibre 1 do gach grúpa. Téigh tríd an mbileog oibre leis na scoláirí. In bhur ngrúpaí, déanaigí plé ar na carachtair a chonaiceamar san fhíseán. Cuirigí sibh féin in áit na gcarachtar, samhlaígí gur tharla an eachtra sin daoibh. Conas a mhothófá féin agus cén fáth?


Cuir an físeán Connected ar siúl do na scoláirí arís sula n-iarrann tú orthu a bhfreagraí a phlé agus a scríobh síos.

Tabhair go leor ama do na scoláirí chun é a phlé agus a gcuid freagraí a scríobh síos.  Iarr ar an múinteoir cabhrú leat dul timpeall an ranga chun labhairt leis na scoláirí agus an tasc sin á dhéanamh acu d'fhonn tuilleadh sonraí a spreagadh ó na scoláirí agus chun a chinntiú nach dtéann siad ar strae. Níor cheart go dtógfadh sé níos mó 5 nóiméad. Éist le haiseolas ó na grúpaí, déan iarracht mothúchán amháin ar a laghad a fháil ó gach ceann de na deich ngrúpa. Mínigh dóibh cé go dtarlaíonn an chibearbhulaíocht agus an ciapadh ar líne, go bhfuil sé tábhachtach go dtuigfidís go mbíonn iarmhairtí ag na gníomhartha sin sa saol as líne chomh maith. Bíonn na hiarmhairtí sin le brath uaireanta sa scoil nó i bpobal áitiúil an scoláire.

Mínigh nach mothaíonn gach duine mar an gcéanna agus go mbíonn freagairtí difriúla ag gach duine. Ní gá go mothófaí aon bhealach ar leith má dhéantar bulaíocht nó ciapadh ort ar líne. Is é an rud atá tábhachtach an chaoi a dtugaimid tacaíocht, mar phobal laistigh agus lasmuigh den scoil araon, d'aon duine atá ag dul i ngleic leis sin.

### Sleamhnán 8: Tá sé in am do Thráth na gCeist- Conas a dhéanann mo scoil agus an dlí mé a chosaint?

Agus na scoláirí fós ina ngrúpaí, dáil na ceisteanna. Ba cheart go dtógfadh an ghníomhaíocht seo 10 nóiméad.



Tráth na gCeist faisnéiseach atá ann, seachas ceann iomaíoch. Nuair a bheidh na scoláirí críochnaithe, tugann an clár aiseolas maidir leis na freagraí cearta. D'fhéadfá úsáid a bhaint as an mbileog freagraí sa bhileog oibre 2.A chun cabhrú leat leis sin. Chomh maith leis sin, má chuireann na scoláirí ceisteanna an-mhionsonraithe, tá Ceisteanna Coitianta le fáil in Aguisín 5.

> Is féidir tráth na gceist a dhéanamh ar líne má tá gléasanna digiteacha sa scoil ar féidir leis na scoláirí iad a úsáid nó má tá cead acu úsáid a bhaint as a bhfóin féin. Moltar tráth na gceist a dhéanamh mar ghrúpa chun go mbeidh na scoláirí in ann na freagraí a phlé lena chéile. Tá sé ar fáil ar Kahoot faoin ainm: The Law, the internet and me. Is féidir an tráth na gceist a rochtain anseo: Webwise.ie/ga/muinteoiri-ga/an-clar-nasc-le-meas.

Tá sé tábhachtach a chur in iúl anseo gur ceapadh na rudaí sin chun muid a chosaint agus nár ceapadh iad chun pionós a ghearradh orainn amháin ach chun a chinntiú go dtuigimid teorainneacha ár gcearta, ionas nach gcuirfimid isteach ar chearta duine éigin eile nó nach mbeidh tionchar againn orthu. Leagtar síos leo an líne idir iompar atá inghlactha agus iompar nach bhfuil inghlactha i bpobal na scoile agus sa tsochaí ina hiomláine. Cuir in iúl do na scoláirí cé go leagtar roinnt teorainneacha síos sa dlí, gur iompar do-inghlactha aon iompar gan iarraidh, cibé acu a bhriseann an t-iompar sin an dlí nó nach mbriseann.

### Sleamhnán 9: Ag dul thar fóir

Is ionadchoinneálaí é an sleamhnán seo ionas gur féidir leat treoracha an chéad ghníomhaíochta eile a mhíniú. Má théann tú ar aghaidh chuig an ngníomhaíocht gan na treoracha a mhíniú, ní thuigfidh na scoláirí an ghníomhaíocht i gceart agus ní dhéanfaidh siad i gceart í.

Níl bulaíocht i gceist leis an uile theachtaireacht ghránna. Titeann a lán cibearbhulaíochta amach nuair nach smaoinímid ar iarmhairtí ár ngníomhartha. Tá roinnt daoine den tuairim nach bhfuil i dteachtaireachtaí a sheoladh ach "pleidhcíocht" nó "píosa spraoi" seachas bulaíocht, agus ní thuigeann siad go bhféadfadh na teachtaireachtaí sin duine a ghortú. Tugann neamhainmníocht an idirlín cumhacht do bhulaithe agus síleann siad nach féidir iad a aimsiú.

Tá ról againn uile anseo maidir le gach duine a chosaint. Sa chéad ghníomhaíocht eile, cuirfidh mé cúpla cás os bhur gcomhair amach agus, in bhur ngrúpaí, beidh oraibh a chinneadh cibé acu a chuathas thar fóir leis na ngníomhartha sna cásanna sin nó nach ndeachthas. Bígí réidh bhur bhfreagraí a mhíniú!

### Sleamhnáin 10 agus 11: Ag Dul Thar Fóir: Cásanna samplacha

Agus na scoláirí fós sa ghrúpa céanna, tabhair eachtra amháin do gach grúpa. Iarr comhairle ar an múinteoir maidir le cásanna a d'oirfeadh do na grúpaí éagsúla a roghnú. Tabhair cóip de Bhileog Oibre 3: Ag Dul Thar Fóir - Cásanna samplacha do gach grúpa. Tabhair am do na scoláirí an scéal a léamh agus a phlé. Abair leis na scoláirí a n-eachtra a léamh agus na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

- Cibé acu a déarfaidís go ndeachthas thar fóir san eachtra nó nach ndeachthas?
- Moladh nó scil déileála a thabhairt don duine óg ar tharla an eachtra sin dó/di chun dul i ngleic leis an gcineál sin ciaptha ar líne.

Ag brath ar chumas na scoláirí, ba cheart 5-8 nóiméad a thabhairt don ghníomhaíocht. Agus an tasc críochnaithe ag na scoláirí, téigh trí na heachtraí leo. Iarr tuairimí agus freagraí ar na scoláirí maidir leis na heachtraí.

**Tabhair faoi deara:** Táimid ag iarraidh comparáid a dhéanamh anseo; tá sé de dhualgas orainn seasamh suas agus rud éigin a rá nuair a fheicimid iompar nach bhfuil inghlactha ar líne. Seo a leanas roinnt freagraí molta:

A: Rinneadh íomhá Keyshia a fhoilsiú gan toiliú a fháil uaithi. Is iompar rialta gan iarraidh é sin agus is cibearbhulaíocht é. D'fhéadfaí a mholadh do Keyshia labhairt le Sophie chun a chur in iúl di nach maith léi nuair a dhéantar í a chlibeáil i bpostálacha nó i bpictiúir, nó postálacha Sophie a thuairisciú don aip meán sóisialta.

B: Rinneadh íomhá Shane a ionramháil agus a roinnt gan toiliú a fháil uaidh. D'iarr sé ar an duine cheana stopadh, ach níor cuireadh stop leis. Is iompar rialta gan iarraidh é sin agus is cibearbhulaíocht é. D'fhéadfaí a mholadh do Shane an fhianaise a shábháil agus labhairt le múinteoir a bhfuil muinín aige as/aisti maidir leis an ngearrthóg físe, tacaíocht a thabhairt do Shane agus a rá leis nach bhfuil aon locht air, an ghearrthóg a thuairisciú agus a iarraidh go ndéanfaí é a bhaint den ardán meán sóisialta.

C: Bíonn ar David dul i ngleic le hiompar atá bagrach, scáfar agus rialta gach uair a thagann cluichire anaithnid áirithe isteach chuig an gcluiche. Tarlaíonn sé sin ar bhonn leanúnach agus faigheann David teachtaireachtaí bagracha ciapacha agus mar gheall air sin. Creideann sé anois nach féidir leis an cluiche ar líne is maith leis a imirt go sábháilte agus saor ó chiapadh. D'fhéadfaí a mholadh do David sa chás seo gan na teachtaireachtaí sin a fhreagairt, gabháil scáileáin a ghlacadh den fhianaise/na teachtaireachtaí, nó iad sin a choimeád, agus an t-úsáideoir a thuairisciú don ardán cluichíochta.

D: Cé nach bhfuil an locht ar Laura sa chás seo, tá sí mar chuid de ghrúpa teachtaireachtaí ina bhfuil na daoine eile ag caint go míchneasta faoi dhuine eile. Is sampla den bhulaíocht chaidrimh nó shóisialta é sin. In ionad seasamh siar, ní mór do Laura seasamh suas. Cad a d'fhéadfadh Laura a dhéanamh? Tá baint aige seo leis an gcéad sleamhnán eile. D'fhéadfaí a mholadh do Laura seasamh suas agus cairdeas agus tacaíocht a thabhairt don chailín, iarraidh ar an ngrúpa stop a chur leis na tráchtanna gránna, an fhianaise a shábháil agus labhairt le múinteoir/duine fásta a bhfuil muinín aici as/aisti maidir lenar tharla.

E: Chruthaigh Sarah próifíl bhréagach ar na meáin shóisialta de Rachel chun díriú ar Rachel go sonrach agus chun aithris a dhéanamh uirthi. Úsáideann Sarah na meáin shóisialta chun ainm agus dea-cháil Rachel a mhilleadh ach faisnéis bhréagach a fhoilsiú. Is cineál cibearbhulaíochta é sin. D'fhéadfaí a mholadh do Rachel gan an rud céanna a dhéanamh do Sarah d'fhonn díoltas a bhaint amach, labhairt le duine fásta a bhfuil muinín aici as/aisti, gabháil scáileáin a ghlacadh den fhianaise agus é a thuairisciú don ardán meán sóisialta, Sarah a bhlocáil ar gach cuntas meán sóisialta, a cuntais meán sóisialta a chosaint ach pasfhocail nua atá níos láidre a chruthú.

F: Tá comhscoláirí Raj á chiapadh, á náiriú agus á náiriú faoina chorp. Tá sé á dhéanamh d'aon turas acu agus is cibearbhulaíocht é. D'fhéadfaí a mholadh do Raj labhairt le duine fásta a bhfuil muinín aige as/aisti agus é a thuairisciú don ardán meán sóisialta, an fhianaise a shábháil, gan díoltas a lorg agus a bheith ar an eolas nach bhfuil an locht air, tacaíocht a lorg ó chairde a bhfuil muinín aige astu.

**Cuir i gcuimhne do na scoláirí: Beidh aon duine de na Gardaí áitiúla sásta cabhrú libh uair ar bith.**

## Sleamhnán 12: Cén áit ar féidir leat tacaíocht agus comhairle a fháil?

I gcuid mhaith de na moltaí sa ghníomhaíocht dheireanach, moladh labhairt le duine nó cúnamh a lorg. Ba mhaith liom go smaoineodh sibh anois ar na háiteanna a cheapann sibh ar féidir libh dul chun cúnamh a lorg. An bhfuil aon duine anseo sa scoil ar féidir libh labhairt leis? An bhfuil cara agat a bhfuil muinín agat as/aisti lenar féidir leat labhairt? An rud é seo ar féidir libh labhairt le bhur dtuismitheoirí nó le bhur gcaomhnóirí faoi? Tá go leor eagraíochtaí ann a chuireann tacaíocht agus cúnamh ar fáil. An féidir linn smaoineamh ar aon cheann díobh? Éist le haiseolas ón ngrúpa chun a fháil amach an bhfuil siad ar an eolas faoi aon eagraíocht nó faoi aon duine sa scoil lenar féidir leo labhairt, e.g. treoirchomhairleoir, múinteoir ranga, ceann bliana etc.

Beidh an Garda Síochána sásta cabhrú libh uair ar bith.

## Sleamhnán 13: Ceisteanna

Tóg ceisteanna ó na scoláirí.

Bain úsáid as na Ceisteanna Coitianta agus as an bPrótacal in Aguisín 5 chun cabhrú leat.

Is féidir a rá "fanaigí soicind go ndéanaim freagra na ceiste sin a chuardach, ba mhaith liom a bheith cinnte go dtabharfainn an freagra ceart daoibh.

Mura bhfuil tú in ann ceist éigin a fhreagairt, ná bíodh drogall ort sin a chur in iúl dóibh. Ná tabhair buille faoi thuairim ná faisnéis mhícheart, abair leo "Níor tháinig mé ar an gceist sin roimhe seo, beidh orm an cheist a chur ar mo chomhghleacaithe sa stáisiún agus an freagra a fháil duit. Nuair a bheidh an freagra agam, seolfaidh mé ríomhphost chuig bhur múinteoir." Bí cinnte an fhaisnéis a chur chucu nuair a bheidh sí agat, más féidir.

**Meabhrúchán - Tá ceacht sa bhreis ar fáil chun go mbeidh múinteoirí in ann an t-ábhar a fhiosrú go mion.** Tá an ceacht sin ar fáil ag: webwise.ie/ga/muinteoiri-ga/an-clar-nasc-le-meas. Tabhair cóip d'Aguisín 6 don mhúinteoir ina bhfuil faisnéis maidir leis an gceacht leantach mar aon le hacmhainní breise.

An Chríoch.



# Bileog Oibre 1: Ceangailte


**In bhur ngrúpaí, déanaigí plé ar na carachtair a chonaiceamar san fhíseán. Cuirigí sibh féin in áit na gcarachtar, samhlaígí gur tharla an eachtra sin daoibh. Conas a mhothófá féin agus cén fáth?**

**“Ceapaim go ndeir daoine rudaí gan smaoineamh orthu féin, ní thuigeann siad an chaoi a dtéann sé i bhfeidhm ar dhaoine.”**

## Carachtar 1



## Carachtar 2



## Carachtar 3



# Bileog Oibre 2: Tráth na gCeist - An Dlí, an tIdirlíon agus Mise

**1. "Is féidir liom pé rud is mian liom a rá ar líne a rá toisc go bhfuil an ceart ar shaoirse cainte againn in Éirinn."**

☐ **FÍOR**

☐ **BRÉAGACH**

**2. Meaitseáiltear an téarma ceart leis an sainmhíniú ceart thíos:**

| | |
|---|---|
| **A: Dlí Coiriúil** | 1. An tsraith clár, cleachtas agus nósanna imeachta a fheidhmíonn mar phlean na scoile chun cabhrú le scoláirí sa scoil iad féin a iompar go maith agus chun cabhrú leo foghlaim go maith. |
| **B: Dlí Sibhialta** | 2. Cion nó coir atá chomh tromchúiseach gur féidir leis an Stát duine a ionchúiseamh agus pionós a ghearradh, lena n-áirítear téarma príosúnachta agus/nó fíneálacha. |
| **C: Cód Iompair** | 3. Cuntas soiléir ina sonraítear an chaoi a dtéann scoil i ngleic le hiompar bulaíochta scoilbhunaithe i measc scoláirí agus an chaoi a ndéantar an t-iompar sin a chosc sa scoil. |
| **D: Beartas Frithbhulaíochta** | 4. Mar a ndéantar ceart dlíthiúil duine eile a shárú. D'fhéadfadh go mbeadh ort an duine sin a íoc chun cúiteamh a dhéanamh i leith aon damáiste a rinneadh nó d'fhéadfadh cúirt réiteach eile a ordú, mar shampla, leithscéal a thabhairt. |


**3. Is patrún iompair gan iarraidh é an ciapadh agus d'fhéadfadh sé go mbeadh eagla, scanradh, fearg agus/nó náire ar dhuine mar thoradh air. Is sampla den chiapadh ar líne é: (cuirtear tic le gach ceann infheidhme)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Duine ag bagairt go ngortóidh sé thú | Duine ag cur próifíl bhréagach díot ar bun. | Duine ag seoladh teachtaireachtaí téacs chugat go rialta gan iarraidh. | Duine ag scríobh rudaí nach bhfuil fíor fút ar líne. |

**4. Tá cibearbhulaíocht i gceist nuair a dhéantar próifíl bhréagach a chruthú d'fhonn aithris a dhéanamh ar dhuine, faisnéis bhréagach a fhoilsiú nó díriú ar dhuine eile.**

☐ **FÍOR**

☐ **BRÉAGACH**



## Bileog oibre 2.A: Bileog freagraí– An Dlí, an tIdirlíon agus Mise.

1. **“Is féidir liom pé rud is mian liom a rá ar líne a rá toisc go bhfuil an ceart ar shaoirse cainte againn in Éirinn.”**

   Bréagach

   Cé go bhfuil ceart bunreachtúil ar shaoirse cainte, níl an ceart sin absalóideach agus ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir an ceart sin agus cearta daoine eile. Mar a shonraítear thuas, d’fhéadfadh sé go ndéanfá cionta coiriúla agus sibhialta, mar shampla, ní féidir fuath a ghríosú i gcoinne duine ar líne nó an duine a chlúmhilleadh etc. Má dhéantar cibearbhulaíocht ar dhuine ar líne, d’fhéadfaí cúisimh choiriúla maidir le ciapadh a chur in aghaidh duine.

   Ina theannta sin, má dhéantar dochar do dhuine mar gheall ar d’fhocail, d’fhéadfadh an duine sin éileamh clúmhillte nó díobhálacha pearsanta a dhéanamh i d’aghaidh.

   Ba cheart a thuiscint freisin, más scoláire thú, go bhféadfadh sé go mbeadh feidhm ag cód iompair na scoile maidir leis na ráitis a dhéanann tú ar líne dá bhféadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach ag na ráitis sin ar an scoil agus, d’fhéadfadh an scoil gníomh araíonachta a dhéanamh i d’aghaidh. Ar an gcaoi chéanna, má tá post agat, d’fhéadfadh sé go ndéanfaí foráil sa chonradh fostaíochta gur féidir an fostaí a bhriseadh as an bpost dá ndéanfadh sé/sí dea-cháil an fhostóra a mhilleadh ar líne nó ar shlí eile.

2. **Meaitseáiltear an téarma ceart leis an sainmhíniú ceart:**

   A-2 B- 4 C-1 D-3

   Tá sé tábhachtach a chur in iúl anseo gur ceapadh na rudaí sin chun muid a chosaint agus nár ceapadh iad chun pionós a ghearradh orainn amháin ach chun a chinntiú go dtuigimid teorainneacha ár gcearta, ionas nach gcuirfimid isteach ar chearta duine éigin eile nó nach mbeidh tionchar againn orthu. Leagtar síos leo an líne idir iompar atá inghlactha agus iompar nach bhfuil inghlactha.

3. **Is patrún iompair gan iarraidh é an ciapadh agus d’fhéadfadh sé go mbeadh eagla, scanradh, fearg agus/nó náire ar dhuine mar thoradh air. Is sampla den chiapadh ar líne é: (cuirtear tic le gach ceann is infheidhme)**

   D’fhéadfadh sé go mbeadh ciapadh i gceist le gach ceann díobh seo.

   De réir Alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, is cion é duine a leanúint, faire a dhéanamh ar dhuine, duine a phlá, imdhruidim a dhéanamh ar dhuine nó dul i gcumarsáid leis nó léi, go rialta, ar aon mhodh. Tharla sé gur tháinig cásanna os comhair na gCúirteanna ina bhfuarthas duine ciontach i gcion nuair a rinne sé teachtaireachtaí agus íomhánna a sheoladh go rialta chuig duine eile ar na meáin shóisialta gan iarraidh.

   Má chiontaítear duine i gciapadh, d’fhéadfaí fíneáil €1,500 agus/nó téarma príosúnachta 12 mhí a ghearradh. Gearrtar fíneáil agus/nó téarma príosúnachta 7 mbliana ar dhuine a chiontaítear ar díotáil.

4. **Tá cibearbhulaíocht i gceist nuair a dhéantar próifíl bhréagach a chruthú d’fhonn aithris a dhéanamh ar dhuine, faisnéis bhréagach a fhoilsiú nó díriú ar dhuine eile.**

   Fíor

   Is cineál bulaíochta é próifíl bhréagach a chruthú. Tugtar pearsanú ar an gcineál bulaíochta sin go minic.

# Bileog oibre 3:
# Ag Dul Thar Fóir: Cásanna samplacha

**Treoracha:**
**In bhur ngrúpaí, léigí tríd an gcás atá agaibh, déanaigí é a phlé agus freagraígí na ceisteanna seo a leanas:**

**An ndéarfadh sibh go ndeachthas thar fóir leis na gníomhartha san eachtra, .i. an bhfuil an t-iompar inghlactha nó do-inghlactha?**

**Tugaigí moladh nó scil déileála don duine óg ar tharla an eachtra sin dó/di chun dul i ngleic leis an gcineál sin ciaptha ar líne.**

## Cás A

Is breá le Sophie a bheith ag tógáil grianghraf agus ag nuashonrú a stádais pé áit a dtéann sí. Dúirt Keyshia le Sophie nach maith léi a bheith sna grianghraif ná sna postálacha sin agus nach maith léi nuair a dhéantar í a chlibeáil iontu ach an oiread ach leanann Sophie uirthi á dhéanamh.

## Cás B

Agus é ag imirt ar son a fhoirne ag an deireadh seachtaine, theip ar Shane cúl a aimsiú cé go raibh an eangach gan chosaint os a chomhair amach. Nuair a chuaigh sé ar scoil ar an Luan, fuair sé amach gur thaifead duine éigin an cluiche agus go ndearna an duine sin GIF den deis scórála a chaill sé. Tá an GIF feicthe ag gach duine sa scoil agus tá daoine ag gáire faoi. D'iarr sé ar dhaoine gan é a chur ar aghaidh chuig daoine eile ach deir siad leis gan a bheith buartha agus a thógáil go réidh, deir siad nach bhfuil ann ach píosa spraoi.

## Cás C

Is breá le David a bheith ag imirt cluichí ar líne, go háirithe toisc gur féidir leis nascadh lena chairde agus dul in iomaíocht leo i ndiaidh na scoile. Le déanaí, tá cluichire nua tar éis teacht isteach i ngrúpa David agus gach uair a théann David ar líne, díríonn an cluichire nua sin ar charachtar David láithreach agus maraíonn sé é.

Anuas air sin, seolann an cluichire sin teachtaireachtaí ciapacha chuig David. Rinne sé iarracht bac a chur ar an gcluichire ach tagann an cluichire ar ais i gcónaí faoi ainm nua úsáideora chun carachtar David a mharú agus chun teachtaireachtaí bagracha a chur chuige. Mothaíonn David nach bhfuil an dara rogha aige ach éirí as an gcluiche a imirt.

## Cás D

Tá grúpa teachtaireachtaí ag Laura agus a cairde ina mbíonn siad ag caint lena chéile agus iad ag déanamh a n-obair bhaile. Is cosúil nach maith le duine amháin sa ghrúpa cailín eile sa rang agus cuireann an duine sin teachtaireachtaí mioscaiseacha sa ghrúpa faoin gcailín sin i gcónaí. Tá Laura míchompordach fúthu ach níl a fhios aici cad is féidir léi a dhéanamh.

## Cás E

Bhí Sarah agus Rachel an-mhór lena chéile ó bhí siad sa naíonra. Faraor, thit siad amach lena chéile le déanaí. Ó shin i leith, bheartaigh Sarah cuntas bréagach meán sóisialta de Rachel a chruthú. Postálann agus scaipeann sí go leor ráflaí agus cúlchainte faoi ainm Rachel ar an gcuntas.

Mar gheall air sin, tá droch-cháil tagtha ar Rachel ar scoil. Díríodh ar mhúinteoirí i gcuid den chúlchaint agus, anois tar éis don Phríomhoide a chloisteáil gurb í Rachel foinse na cúlchainte, is cinnte go mbeidh sí i dtrioblóid.

## Cás F

Tá Raj beag agus róthrom agus níl sé chomh haclaí le formhór na mbuachaillí eile ina bhliain. Tagann míchompord agus náire air nuair a bhíonn air a éadaí spóirt a chur air don chorpoideachas i seomra feistis na mbuachaillí ar scoil toisc go dtapaíonn na buachaillí eile sa rang leis an deis sin chun a bheith ag piocadh air.

Lá amháin tar éis an ranga corpoideachais, bheartaigh cuid de na buachaillí pictiúir a thógáil de Raj i ngan fhios dó nuair nach raibh a léine air fad is a bhí sé ag athrú a éadaí tar éis an ranga. Ansin, cuireadh na pictiúir sin ar aghaidh chuig gach duine sa bhliain ar na meáin shóisialta. Tá na buachaillí ag rá nach raibh ann ach magadh gan dochar ach tá Raj trína chéile, go háirithe tar éis dó na rudaí atá á rá faoi a chloisteáil, bíonn daoine ag síneadh a méara air agus ag scigireacht faoi agus é ag dul síos an dorchla.

# Aguisíní



**Aguisín 1:**
**Seicliosta: Cláir agus/nó Áisitheoirí Seachtracha a úsáid**

Imlitir Uimh. 0043/2018: Imlitir chuig Údaráis Bhainistíochta Iarbhunscoileanna: Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheachta agus chuig Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin na mBord Oideachais agus Oiliúna

**Áisitheoirí Seachtracha a Fhostú sa Scoil:**

1. Tá an oiliúint/na cáilíochtaí agus an saineolas riachtanach ag na háisitheoirí chun an clár nó an oiliúint chomhaontaithe a sheachadadh
2. Tá ball amháin d'fhoireann na scoile ar a laghad ar fáil chun pleanáil, comhsheachadadh agus measúnú an chláir nó ionchur ón taobh amuigh a éascú
3. Tá na háisitheoirí cáilithe go cuí chun obair leis an bpróifíl scoláirí atá sa scoil
4. Tá polasaí um chosaint leanaí agus ráiteas slánchumhdaithe i scríbhinn ag áisitheoirí a sheachadann clár nó ionchur
5. Is deimhin leis an scoil go bhfuil oibleagáid ar bith maidir le grinnfhiosrúchán faoin Acht Grinnfhiosrúcháin agus de réir Imlitreach 0031/2016 comhlíonta aige i dtaobh na n-áisitheoirí seachtracha.



**Nuair a bhítear ag féachaint ar Chlár:**

6. Tá riachtanas sainaitheanta trí Phróiseas um Chur chun cinn Folláine na scoile a d'fhéadfaí tabhairt faoi trí chlár ar leith a úsáid.
7. Tá an clár ag teacht le cur chuige scoile uile na scoile i leith cur chun cinn folláine
8. Tá seachadadh an chláir faofa ag an mBord Bainistíochta
9. Tá taighde agus/nó fianaise mar bhonn ag an gclár roghnaithe
10. Úsáideann an clár modheolaíochtaí atá bunaithe ar fhianaise/a bhfuil fianaise mar bhonn acu agus cuireann sé foghlaim ghníomhach chun cinn
11. Tá gach ball foirne lena mbaineann curtha ar an eolas faoin gclár beartaithe
12. Tá an clár oiriúnach chun freastal ar riachtanais díorma scoláirí a bhfuiltear ag díriú orthu.
13. Agus cláir á roghnú ag an scoil ní mór tuairimí na dtuismitheoirí/caomhnóirí agus na scoláirí a fháil amach
14. Comhlánóidh na scoláirí agus an fhoireann foirm measúnaithe
15. Déanfar monatóireacht ar thionchar an chláir
16. Tá seachadadh an chláir inmharthana le himeacht aimsire laistigh den scoil
17. Táthar tar éis machnamh a dhéanamh ar leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na scoláirí agus ar tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an gclár a laghdú an oiread is féidir
18. Tá tacaíochtaí do scoláirí ar fáil le linn don gclár a bheith á sheachadadh agus ina dhiaidh

## Aguisín 2:

**Bunrialacha Samplacha**

1. Léirítear meas ar chách.
2. Tugtar deis labhartha do gach duine.
3. Éistear go gníomhach agus go géar le gach duine.
4. An rud a roinntear sa rang, fanfaidh sé sa rang.
5. Iarrfar soiléiriú mura bhfuil rud éigin soiléir.
6. Ní chuirfear isteach ar dhuine eile atá ag caint.
7. Tabharfar dúshlán dá chéile, ach ar bhealach a léiríonn meas.
8. Tabharfar critíc ar smaointe, seachas ar dhaoine.
9. Ní roinnfear tuairimí nach bhfuil fianaise thacaíochta ann dóibh.
10. Ní dhéanfar a bheag de mo chomhscoláirí (fiú más magadh atá ann).
11. Glacfar freagracht as caighdeán na cainte.
12. Tógfar ar an méid a deirtear; oibreofar i dtreo tuiscint roinnte.
13. Ní dhéanfar cainteanna a mhonaplú.
14. Úsáidfear ráitis maidir liom féin, cosúil le: Measaim, mothaím, creidim.
15. Ní thabharfar samplaí den taithí phearsanta atá ag duine ná samplaí de rudaí a tharla do dhaoine eile.
16. Féadfaidh gach duine a dtuairim a athrú bunaithe ar an bplé machnamhach.
17. Má mhothaíonn duine maslaithe ag aon rud a deirtear i rith na díospóireachta, déarfaidh an duine sin láithreach é.





## Aguisín 3: Cineálacha Difriúla Ciaptha ar Líne

- **Imeaglú Pearsanta:**
  Áirítear leis sin teachtaireachtaí bagracha téacs a fháil, teachtaireachtaí maslacha bagracha a phostáil ar phróifíl an íospartaigh nó ar shuíomhanna gréasáin eile, teachtaireachtaí meandracha bagracha a sheoladh.

- **Pearsanú:**
  Áirítear leis sin próifílí agus leathanaigh ghréasáin bhréagacha den íospartach a chruthú, rochtain a fháil ar phróifíl nó ar chuntas teachtaireachtaí meandracha duine le teagmháil a dhéanamh le daoine eile ag ligean ort féin gur tú úinéir an chuntais nó na próifíle.

- **Duine a fhágáil ar lár:**
  Áirítear leis sin bac a chur ar dhuine a bheith páirteach i ngrúpa nó i bpobal mór le rá ar nós grúpa scoile nó grúpa ranga ar aipeanna cosúil le WhatsApp nó Snapchat, duine a bhaint de liostaí cairdis, agus/nó feidhmeanna 'neamhairde' a úsáid.

- **Náiriú pearsanta:**
  Áirítear leis sin íomhánna nó físeáin a phostáil ar mhaithe le náire a chur ar dhuine, úsáideoirí ag roinnt agus ag postáil íomhánna nó físeán de mhí-úsáid á déanamh ar an duine nó dá náiriú as líne, úsáideoirí ag roinnt teachtaireachtaí pearsanta ar nós ríomhphost nó teachaireachtaí téacs le níos mó daoine ná mar a bhí beartaithe ag an seoltóir

- **Tuairisciú bréagach:**
  Áirítear leis sin tuairiscí bréagacha a thabhairt don soláthróir seirbhíse nó tuairiscí a thabhairt maidir le hiompar duine eile ionas go scriosfaí cuntas nó suíomh gréasáin an duine sin.



## Cur síos

### Fótachóipeáil an bhileog seo agus gearr amach gach cur síos

Feidhmchlár teachtaireachtaí meandracha a úsáidtear chun grianghraif, físeáin, téacs agus líníochtaí a chomhroinnt.

Aip líonraithe shóisialta lenar féidir le húsáideoirí grianghraif agus físeáin a chomhroinnt lena gcairde.

Líonra sóisialta lenar féidir le húsáideoirí, a chláraíonn le haghaidh próifíl saor in aisce, nascadh le cairde, le comhghleacaithe oibre, nó le daoine nach bhfuil aithne acu orthu, ar líne.

Seirbhís roinnte físeán lenar féidir le húsáideoirí a gcuntas féin a chruthú, féachaint ar fhíseáin, físeáin a chomhroinnt, cur in iúl gur maith leo físeáin áirithe, tráchtanna a fhágáil ar fhíseáin eile, agus a gcuid físeán féin a uaslódáil fiú.

Aip teachtaireachtaí is féidir a uaslódáil saor in aisce ar fhóin cliste. Úsáideann an aip an t-idirlíon chun teachtaireachtaí, íomhánna, fuaimeanna nó físeáin a sheoladh. Tá an tseirbhís seo an-chosúil le gnáthsheirbhísí teachtaireachta ach, toisc go mbaintear úsáid as an idirlíon chun teachtaireachtaí a sheoladh, tá costais úsáide i bhfad níos lú i gceist leis.

Imrítear cluichí ar an idirlíon trí chonsól ríomhaire, gléas soghluaiste nó feidhmchlár. Ní hionann na cluichí sin agus cluichí níos traidisiúnta mar go bhfuiltear ábalta imirt agus cumarsáid a dhéanamh le cluichirí eile ar líne. D'fhéadfadh cluichí éagsúla a bheith i gceist, mar shampla gníomhaíochtaí ina mbíonn tascanna/misin le comhlíonadh, cluichí spóirt agus mórán eile nach iad.

Seirbhís líonraithe sóisialta chun físeáin a chomhroinnt. Úsáidtear í chun gearrfhíseáin bheolbheachtaithe, gearrfhíseáin grinn agus tallainne a chruthú.

Modh chun teachtaireachtaí a mhalartú idir dhaoine a bhfuil gléasanna digiteacha á n-úsáid acu. Feidhmíonn sé thar líonraí ríomhaireachta arb é an t-idirlíon an ceann is mó a bhíonn i gceist ar na saolta seo.

Aip teachtaireachtaí SAOR IN AISCE d'fhón póca a úsáidtear chun teachtaireachtaí meandracha a sheoladh, grianghraif, físeáin agus taifeadtaí fuaime a chomhroinnt, agus le haghaidh comhráite grúpa. Is féidir an aip a nascadh le do chuntas Facebook nó le d'uimhir fóin.

Suíomh micreabhlagála. Déanann daoine nasc lena chéile ach fothaí daoine eile a leanúint. Nuair a roghnaíonn tú fotha a leanúint, beidh gach rud a deir an duine nó an eagraíocht sin le feiceáil ar d'amlíne. Is féidir teagmháil a dhéanamh le duine ach an tsiombail @ a chur roimh a ainm úsáideora.

## Ainmneacha

Fótachóipeáil an bhileog seo agus gearr amach gach ainm

| | | |
|---|---|---|
| **Snapchat** | **Instagram** | **Facebook** |
| **YouTube** | **Messenger** | **WhatsApp** |
| **Twitter** | **TikTok** | **Ríomhphost** |
| **Cluichíocht ar Líne** | | |

## **Ainmneacha**

Fótachóipeáil an bhileog seo agus
gearr amach gach ainm



## Aguisín: 5
## Ceisteanna Coitianta

**1.1 An cion é físeán/grianghraf/píosa fuaime de dhuine éigin eile a fhoilsiú gan cead a fháil ón duine sin?**

Faoi dhlí na hÉireann, tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir gníomh a d'fhéadfadh a bheith ina chion coiriúil, gníomh a d'fhéadfadh a bheith ina éagóir shibhialta nó gníomh a d'fhéadfadh an dá cheann a bheith i gceist leis.

- Is éard is cion coiriúil nó coir sárú atá chomh tromchúiseach gur féidir leis an Stát an duine a ionchúiseamh agus pionós a ghearradh air, lena n-áirítear téarma príosúnachta agus/nó fíneálacha.
- Is éard is éagóir shibhialta nuair a dhéantar ceart dlíthiúil duine eile a shárú agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an gciontóir an duine sin a íoc chun cúiteamh a dhéanamh leis i leith aon damáiste a rinneadh nó d'fhéadfadh an Chúirt réiteach eile a ordú, mar shampla, leithscéal a ghabháil.

D'fhéadfadh sé go mbeadh cion i gceist le físeán/grianghraf/píosa fuaime a fhoilsiú de dhuine éigin eile gan cead a fháil ón duine sin, ag brath ar an gcineál inneachair atá i gceist.

Seo a leanas roinnt samplaí de na cionta coiriúla a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcaoi sin:

- Faoin Acht um Phost-Phaicéid agus Teachtaireachtaí Teileachumarsáide a Thascradh (Rialáil), 1993, is cion coiriúil é comhrá teileafóin a thaifeadadh mura bhfuil an duine atá á thaifeadadh rannpháirteach sa chomhrá.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh ciapadh ar cion coiriúil é i gceist le hábhair áirithe a phostáil ar líne. Féach ceist choitianta 1.2 chun tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis an gciapadh ar cion coiriúil é.
- Má dhéantar bagairt i bpostáil go ndéanfar damáiste do mhaoin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chion coiriúil faoin Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chion coiriúil faoin Acht um Dhamáiste Coiriúil 1991 ríomhaire a úsáid chun rochtain a fháil ar shonraí.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh bagairt foréigin ina chion faoin Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997.

Maidir le híomhánna gáirsiúla gnéasacha de dhuine eile, féach ceist choitianta 1.11.

Mar sin, ba cheart a bheith ar an airdeall agus inneachar a bhaineann le daoine eile á chomhroinnt agat chun a chinntiú nach bhfuil cion coiriúil á dhéanamh. Anuas air sin, ní mór a chinntiú nach bhfuil éagóir shibhialta á déanamh, mar a shonraítear thíos, ach oiread.

Tá ceart bunreachtúil chun príobháideachais ag daoine aonair nach mór a urramú agus d'fhéadfadh sé go mbeadh físeáin/grianghraif/comhaid fuaime a thógtar de dhaoine in áit ina mbeidís ag súil le príobháideachas ina sárú ar an gceart sin agus d'fhéadfadh sé go mbeadh éagóir shibhialta i gceist leo. Tá cearta príobháideachais freisin ag daoine faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh aon duine a fhoilsíonn inneachar príobháideach ar líne, a bheith ag sárú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS") agus d'fhéadfadh sé go gceanglófar air an t-inneachar a bhaint anuas/fíneálacha a íoc.

Maidir le grianghraif a ghlactar in áiteanna poiblí, tá Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí den tuairim go bhfuil sé ceadaithe, go ginearálta, grianghraif a thógáil de dhaoine in áit phoiblí, a fhad is nach ndéantar aon duine a chiapadh. Mar sin féin, is ceist dhifriúil í cibé is féidir na grianghraif sin a fhoilsiú do lucht féachana leathan nó nach féidir. Is é sin le rá, má dhéantar an grianghraf sin a fhoilsiú ar na meáin shóisialta nó ar bhealach eile gan cead a fháil ón duine, d'fhéadfadh sé go mbeadh fadhb cosanta sonraí ann.

Mura bhfuil sé i gceist ag an ngrianghrafadóir na grianghraif a fhoilsiú nó a phostáil áit ar bith, rangaítear mar "díolúine tí", mar a thugtar air, é. Foráiltear do seo faoi Aithris 18 de RGCS ina sonraítear nach bhfuil feidhm ag an Rialachán nuair a dhéanann duine sonraí pearsanta (mar shampla, grianghraf de dhuine) a phróiseáil le linn gníomhaíocht de chineál pearsanta nó de chineál tí amháin, e.g. gan aon nasc le gníomhaíocht ghairmiúil, gníomhaíocht ghnó, gníomhaíocht oifigiúil ná le gníomhaíocht tráchtála. Foráiltear le hAithris 18 chomh maith gur féidir an líonrú sóisialta a áireamh le gníomhaíochtaí pearsanta nó gníomhaíochtaí tí.

Is fearr i gcónaí cur chuige ciallmhar a ghlacadh agus is cleachtadh maith é a chinntiú go bhfuil toiliú duine faighte chun a ghrianghraf a phostáil agus grianghraf de dhuine a bhaint má iarrann an duine é.

**1.2 An cion é aithris a dhéanamh ar dhuine nó próifíl bhréagach a chruthú?**

Nuair a chruthaítear próifíl bhréagach chun aithris a dhéanamh ar dhuine agus ligean ort gur tú an duine sin, faisnéis bhréagach a fhoilsiú nó díriú ar dhuine eile ar líne is ionann é sin agus cibearbhulaíocht agus d'fhéadfadh sé go mbeadh cion coiriúil i gceist leis freisin.

D'fhéadfadh sé go mbeadh ceann de na cionta coiriúla seo a leanas i gceist le haithris a dhéanamh ar dhuine ar líne nó próifíl bhréagach a chruthú:

<u>a) Ciapadh:</u>

De réir Alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, is cion coiriúil é duine eile a chiapadh, trína leanúint, trí fhaire a dhéanamh air, trína phlá, trí imdhruideadh a dhéanamh air nó trí dhul i gcumarsáid leis go rialta ar aon mhodh eile.

D'fhéadfadh sé go mbeadh teagmhais áirithe den chibearbhulaíocht ina gcion faoin Alt sin má dhéantar ar bhonn rialta iad.

<u>b) Gríosú chun Fuatha:</u>

De réir Alt 2 den Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989, is cion coiriúil é ábhar scríofa, focail, amharc-íomhánna nó fuaimeanna a fhoilsiú nó a leathadh "má tá an t-ábhar scríofa, na focail, an t-iompar, na hamharc-íomhánna nó na fuaimeanna, de réir mar a bheidh, bagrach, maslach nó tarcaisneach agus má tá siad beartaithe chun fuath a adhaint nó, ag féachaint d'imthosca uile an cháis, gur dóigh dóibh fuath a adhaint."

Sa chomhthéacs sin, tagraítear leis an bhfocal "fuath" d'fhuath i leith duine mar gheall ar chine, náisiúntacht, creideamh, bhunadh eitneach/náisiúnta nó claonadh gnéasach an duine sin nó toisc gur bhall den lucht siúil é nó í.

Ní hamháin go bhféadfadh sé go mbeadh sé ina chion coiriúil, ach is féidir cás a thabhairt in éadan an chiontóra i leith an chlúmhillte ar éagóir shibhialta é. Faoin Acht um Chlúmhilleadh 2009, tá sé mídhleathach ráiteas a fhoilsiú faoi dhuine a dhéanfadh díobháil do chlú an duine sin i súile daoine réasúnacha sa tsochaí. Is sampla de ráiteas clúmhillteach é a chur i leith duine go bréagach gur coirpeach é, nó a chur ina leith go raibh sé mídhílis. Áirítear leis foilsiú ar mhodh ar bith, lena n-áirítear postáil a dhéanamh ar na meáin shóisialta. Mar sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ráiteas clúmhillteach i bhfoirm nuashonrú stádais, tvuíteanna, scéalta ar Instagram, grianghraif etc.

Ní gá go luafaí ainm an duine chun an duine sin a chlúmhilleadh. Más féidir an duine a shainaithint ó ábhar ar bith a dhéantar a fhoilsiú ar an bpróifíl bhréagach, is féidir leis an íospartach cás a thabhairt i leith clúmhilleadh.

I gcás a tugadh ós comhair na hArd-Chúirte in 2014, tugadh ordú don bhrainse de Twitter International atá bunaithe i mBaile Átha Cliath próifíl bhréagach de mhúinteoir scoile Éireannach bunaithe in Abú Daibí a bhaint den ardán mar gheall go raibh pictiúir agus tvuíteanna "thar a bheith clúmhillteach agus gáirsiúil" uirthi.

**1.3 An cion é rud a rá ar líne faoi dhaoine éigin nach bhfuil fíor?**

D'fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chion coiriúil dá measfaí gur ciapadh é.

Anuas air sin, is cion coiriúil é faoin Acht um Oifig an Phoist (Leasú), 1951, (arna leasú), aon teachtaireacht (glao gutháin nó téacs) is eol don seoltóir a bheith bréagach, a sheoladh d'fhonn aon duine eile a chrá, nó ciotaí a dhéanamh dó, nó imní gan gá a chur air.

Mar a shonraítear thuas, d'fhéadfadh sé go mbeadh éagóir shibhialta an chlúmhillte i gceist le rud a rá faoi dhuine ar líne nach bhfuil fíor, má tá an dóchúlacht ann go ndéanfadh an ráiteas bréagach sin díobháil do chlú an duine sin i súile daoine réasúnacha sa tsochaí. Foráiltear don cheart ar dea-ainm faoi Alt 40.3.2 de Bhunreacht na hÉireann. Dá bhféadfadh bréag a scaiptear ar líne díobháil a dhéanamh do dhea-ainm duine, d'fhéadfadh leis an duine caingean dlí a thionscnamh i leith clúmhilleadh.



Ina theannta sin, má dhéantar dochar do dhuine mar gheall ar rud bréagach a deirtear faoi ar líne, d'fhéadfadh an duine sin éileamh chun díobháil phearsanta a thabhairt in éadan an chiontóra sa Chúirt Shibhialta.

**1.4 An cion é an ciapadh nó an fhuathchaint ar líne?**

Is ea, is dhá chion ar leith iad ciapadh agus fuathchaint agus is féidir leo tarlú ar líne.

a) Ciapadh:

Mar a shonraítear thuas, faoi Alt 10 den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, is cion é duine a leanúint, faire a dhéanamh air, duine a phlá, imdhruideadh a dhéanamh ar dhuine nó dul i gcumarsáid leis nó léi, ar aon mhodh. Tharla sé gur tháinig cásanna os comhair na gCúirteanna ina bhfuarthas duine ciontach i gcion nuair a rinne sé teachtaireachtaí agus íomhánna a sheoladh go rialta chuig duine eile ar na meáin shóisialta gan iarraidh.

b) Fuathchaint

Má dhéantar aon rud a phostáil ar líne atá bagrach, maslach nó tarcaisneach agus go bhfuil an dóchúlacht ann go ndéanfadh an phostáil fuath i leith duine a ghríosú, mar gheall ar chine, náisiúntacht, creideamh, bunadh eitneach/náisiúnta nó claonadh gnéasach an duine sin nó toisc gur bhall den lucht siúil é nó í, d'fhéadfadh sé go gciontófaí an duine i gcion faoin Acht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989. Is féidir téarma príosúnachta 2 bhliain a ghearradh ar dhuine a chiontaítear i ngríosú fuatha.

Mar a luaitear thuas, má sheoltar teachtaireacht atá thar a bheith maslach, nó atá gáirsiúil, graosta nó bagrach, d'fhéadfadh sé go gciontófaí an seoltóir i gcion faoin Acht um Oifig an Phoist (Leasú), 1951, (arna leasú). D'fhéadfadh sé go gciontófaí i gcion aon duine a sheolann teachtaireacht, is eol don seoltóir a bheith bréagach, nó a dhéanann glaonna gutháin chuig duine go rialta, d'fhonn an duine eile a chrá, nó ciotaí a dhéanamh dó, nó imní gan gá a chur air.

**1.5 An gcaithfidh cuideachtaí meán sóisialta/ar líne cead a fháil uaim chun m'fhaisnéis a chomhroinnt le tríú páirtithe eile?**

Caithfidh. Éilítear sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) go gcaithfidh aon chuideachta a bhailíonn sonraí pearsanta cead a fháil ón úsáideoir sula gcomhroinnfidh siad an fhaisnéis sin le tríú páirtithe. Ní mór an rogha a thabhairt d'úsáideoirí chun "roghnú" a gcuid sonraí pearsanta a chomhroinnt le tríú páirtithe. Níl aon suíomh gréasáin a deir go gcaithfidh úsáideoirí "diúltú" do shonraí a chomhroinnt ag comhlíonadh RGCS.

**1.6 Má bhaintear úsáid as inneachar a uaslódálaim chuig ardán nó chuig suíomh gréasáin gan cead a fháil uaim - an bhfuil cearta ar bith agam?**

Braitheann sé ar théarmaí agus coinníollacha an tsuímh gréasáin féin. Ba cheart iad sin a léamh chun a chinntiú nach féidir le haon duine an t-inneachar a uaslódáiltear chuig an ardán sin a úsáid gan cead a lorg ón gcruthaitheoir. Sonraítear go minic sna téarmaí agus coinníollacha gur leis an óstach nó an soláthróir seirbhíse aon inneachar a uaslódáiltear chuig an ardán, agus ní leis an gcruthaitheoir féin.

**1.7 An féidir liom obair duine éigin eile a úsáid gan cead a fháil ón duine sin (pictiúr, ceol, físeán, téacs etc)?**

Nuair a úsáideann duine obair duine eile gan cead a fháil ón duine, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé ag sárú dlíthe cóipchirt agus ag déanamh éagóir shibhialta. Foráiltear do Dhlí an Chóipchirt in Éirinn faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. San Acht, tugtar an ceart do chruthaitheoir an tsaothair cosc a chur ar dhaoine eile an saothar a chóipeáil nó a leathadh gan cead a fháil uaidh agus ceadaítear don chruthaitheoir ríchíos a ghearradh ar aon duine ar mian leis a atáirgeadh. Chomh maith leis sin, tá an ceart ag cruthaitheoirí a bheith aitheanta mar údar an tsaothair agus tá an ceart acu freisin coinníollacha a leagan síos lena gcuirtear in iúl nach féidir an saothar a athrú nó a chur as riocht.

Faoi Acht 2000, is féidir ceart cóipchirt a bheith ag duine ar na hábhair seo a leanas:

- Bunshaothar liteartha, drámaíochta, ceoil nó ealaíne
- Taifeadtaí fuaime, scannáin, craoltaí nó cláir chábla
- Leagan amach clóghrafaíochta d'eagráin fhoilsithe agus de
- Bhunleaganacha de bhunachair shonraí.

I gcás ina n-úsáidtear saothar duine i saothar duine éigin eile, gan aitheantas a thabhairt don bhunsaothar sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh bradaíl i gceist leis freisin chomh maith le sárú ar chóipcheart.

**1.8 An bhfuil cead ag cuideachtaí fógraí a thaispeáint dom de tháirgí a cheapann siad a mbeadh suim agam iontu bunaithe ar mo chuardaigh ar líne?**

Tá cead ag cuideachtaí sin a dhéanamh trí "fianáin" a úsáid ach toiliú a fháil ón gcustaiméir. Is comhaid bheaga téacs iad fianáin a iarrann suíomh gréasáin ar do bhrabhsálaí iad a stóráil ar do ríomhaire nó ar do ghléas móibíleach. Úsáidtear fianáin go forleathan chun gur féidir le suíomhanna gréasáin feidhmiú níos fearr trí shainroghanna a n-úsáideoirí a shábháil. Úsáidtear iad freisin chun na rudaí a dhéanann duine brabhsáil orthu a leanúint, cruthaítear próifílí úsáideora agus ansin taispeántar fógraíocht dírithe ar líne bunaithe ar sainroghanna an duine féin.

Ní mór d'aon suíomh gréasáin atá ag iarraidh fianáin a úsáid cead an úsáideora a iarraidh sula ndéantar fianán a shuiteáil ar ríomhaire nó ar ghléas móibíleach an úsáideora. Níl féidir le suíomh gréasáin a chur in iúl go mbaintear úsáid as fianáin ar an suíomh gan cead a lorg ón úsáideoir sin a dhéanamh, nó gan míniú a thabhairt ar an gcaoi is féidir na fianáin a dhíghníomhachtú.

Ba cheart go míneofaí an chaoi a n-úsáidfear an fhaisnéis a bhaileofar leis na fianáin ar shuíomhanna gréasáin. Ba cheart go mbeadh úsáideoirí in ann toiliú a tharraingt siar. Má bheartaíonn duine toiliú a tharraingt siar, ní mór don suíomh gréasáin an tseirbhís íosta a sholáthar, mar shampla, rochtain a chur ar fáil ar chuid áirithe den suíomh gréasáin.

**1.9 An féidir liom a iarraidh go ndéanfaí faisnéis fúm a bhaint den idirlíon?**

Is féidir, mura dteastaíonn sonraí pearsanta duine níos mó nó má táthar á n-úsáid go mídhleathach, féadfaidh duine a iarraidh go scriosfaí a shonraí. Tugtar "an ceart go ligfí i ndearmad" air sin.

Tá feidhm leis na rialacha sin freisin maidir le hinnill chuardaigh, ar nós Google, toisc go meastar iad mar rialtóirí sonraí freisin. Féadfaidh duine a iarraidh go ndéanfar naisc chuig leathanaigh ghréasáin ar a bhfuil a ainm a bhaint de thorthaí innill cuardaigh má tá an fhaisnéis sin mhíchruinn, murar leor an fhaisnéis, mura bhfuil sí ábhartha nó má tá sí iomarcach.

Má chuir cuideachta sonraí pearsanta duine ar fáil ar líne, féadfaidh an duine sin iarraidh ar an gcuideachta na sonraí sin a bhaint, agus ní mór don chuideachta a chur in iúl d'aon suíomh gréasáin eile lenar chomhroinn sé sonraí an duine gur iarr an duine go ndéanfaí gach sonra agus nasc chuig na sonraí a scriosadh.

**1.10 An féidir liom cóip d'aon fhaisnéis phearsanta atá ag cuideachta fúm féin a iarraidh ar an gcuideachta?**

Is féidir. Féadfaidh duine rochtain a iarraidh ar na sonraí pearsanta atá ag cuideachta/eagraíocht faoi féin. Sonraítear faoi Alt 15 de RGCS go bhfuil an ceart ag daoine cóip dá shonraí a fháil saor in aisce agus i bhformáid inrochtana. Tugtar "Iarratas ar Shonraí Pearsanta" air sin. Ba cheart don chuideachta freagra a chur chuig an duine laistigh de mhí amháin agus ní mór dóibh cóip dá shonraí pearsanta a chur chuige mar aon le haon eolas ábhartha eile faoi a d'úsáid siad, nó atá fós in úsáid.

**1.11 An bhfuil sé mídhleathach íomhá chollaí de dhuine a chomhroinnt gan cead a fháil ón duine sin?**

Faoin Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí, 1998, is cion coiriúil an-tromchúiseach é ábhar gáirsiúil d'aon duine faoi bhun 18 mbliana d'aois a chruthú, a bheith i seilbh duine, nó a chomhroinnt. Áirítear le "ábhar gáirsiúil" aon ghrianghraf, físeán nó taifeadadh fuaime ina dtaispeántar baill ghiniúna linbh nó leanbh ag gabháil do ghníomhaíocht ghnéasach.

Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh sé go mbeadh aon duine

- a chruthaíonn íomhá chollaí, nó
- a dhéanann ceann a chomhroinnt ar líne, nó
- nó a shábhálann ar a f(h)ón/ríomhaire é

ciontach i gcion coiriúil. Áirítear leis na pionóis i leith cion coiriúil den sórt sin fíneálacha, téarma príosúnachta agus ainm an chiontóra a chur le clár na gciontóirí gnéis.

Anuas air sin, táthar ag súil leis go bhfoilseoidh an Rialtas reachtaíocht nua go luath ina bhforálfar

don chion ina ndéantar íomhá chollaí de dhuine a leathadh gan cead ón duine seo, cion ar dtugtar "pornagrafaíocht díoltais". (An Bille um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara) De réir mar atá sé anois, beartaítear leis an mBille sin go bhféadfaí téarma príosúnachta 7 mbliana agus fíneálacha a ghearradh ar dhuine a chiontaítear sa chion coiriúil. Faoi láthair, féachann na Gardaí ar an iompar sin mar chiapadh, de réir an Achta 1997. Ina theannta sin, má sheoltar íomhá tríd an bhfón, d'fhéadfadh sé go bhféachfadh na Gardaí air sin mar theachtaireacht mígheanasach/graosta agus is féidir leo ansin cúisimh choiriúla a lorg faoin Acht um Oifig an Phoist (Leasú), 1951.

### 1.12 An féidir liom cuntas meán sóisialta a bheith agam?

Is é 16 bliana d'aois an aois toilithe dhigitigh in Éirinn faoi alt 31 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Ciallaíonn sin go gcaithfidh cuideachta meán sóisialta iarrachtaí réasúnta a dhéanamh toiliú a fháil ó na tuismitheoirí chun sonraí pearsanta duine atá faoi bhun 16 bliana d'aois a phróiseáil go dleathach má tá an chuideachta ag brath ar thoiliú mar an bunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Ina theannta sin, forálann an chuid is mó de chuideachtaí nach féidir le daoine faoi bhun 13 bliana d'aois cuntas a bhunú fiú má tá toiliú a dtuismitheoirí acu.

### 1.13 An féidir liom cibé rud is mian liom a rá ar líne a rá?

Ní féidir. Cé go bhfuil ceart bunreachtúil ar shaoirse cainte ag duine, níl an ceart sin absalóideach agus ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir an ceart sin agus cearta daoine eile. Mar a shonraítear thuas, d'fhéadfadh sé go ndéanfá cionta coiriúla agus sibhialta, mar shampla, ní féidir fuath a ghríosú i gcoinne duine ar líne nó an duine a chlúmhilleadh etc. Má dhéantar cibearbhulaíocht ar dhuine ar líne, d'fhéadfaí cúisimh choiriúla maidir le ciapadh a chur in aghaidh duine.

Ina theannta sin, má dhéantar dochar do dhuine mar gheall ar d'fhocail, d'fhéadfadh an duine sin éileamh clúmhillte nó díobhálacha pearsanta a dhéanamh i d'aghaidh.

Ba cheart a thuiscint freisin, más scoláire thú, go bhféadfadh sé go mbeadh feidhm ag cód iompair



na scoile maidir leis na ráitis a dhéanann tú ar líne dá bhféadfadh sé go mbeadh tionchar diúltach ag na ráitis sin ar an scoil agus, d'fhéadfadh an scoil gníomh araíonachta a dhéanamh i d'aghaidh. Ar an gcaoi chéanna, má tá post agat, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí foráil sa chonradh fostaíochta gur féidir an fostaí a bhriseadh as an bpost dá ndéanfadh sé/sí dea-cháil an fhostóra a mhilleadh ar líne nó ar shlí eile.

Tá sé tábhachtach nach ndéanfaí dearmad gur féidir le fostóirí agus le daoine eile rochtain a fháil ar phostálacha a rinneadh cúpla bliain roimhe seo.

### 1.14 An féidir liom an scannán nó an t-amhrán is fearr liom a shruthú ar líne go dleathach?

Ag brath ar an bhfoinse óna ndéantar sruthú, is féidir leis a bheith dleathach nó mídhleathach. Foráiltear do seirbhísí dleathacha sruthaithe ar suíomhanna ar nós Netflix, Spotify nó YouTube. Mar sin féin, má dhéantar cinneadh sruthú a dhéanamh ó shuíomhanna mídhleathacha, d'fhéadfadh sé go mbeadh duine ciontach i sárú ar chóipcheart. Go nuige seo, is gnách go dtugann soláthróirí seirbhísí sruthaithe cás dlí in éadan na suíomhanna gréasáin sruthaithe féin, ach d'fhéadfadh sé go ndéanfaidís amhlaidh i gcás na ngnáthdhaoine a dhéanann an t-inneachar a íoslódáil chomh maith.

I gcinneadh ón gCúirt Tráchtála le déanaí, deonaíodh ord do Football Association Premier League Ltd lena gcuirtear ceanglas ar sholáthróirí seirbhíse idirlín in Éirinn sruthú beo na gcluichí a bhlocáil den chéad uair riamh anseo.



## Aguisín 6: Acmhainní Frithbhulaíochta agus Sábháilteachta ar Líne d’Iar-bhunscoileanna

**Webwise**

Is é Webwise Ionad na hÉireann um Fheasacht ar Shábháilteacht Idirlín arna chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa.

Forbraíonn agus scaipeann Webwise acmhainní a chabhróidh le múinteoirí sábháilteacht idirlín a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim ina scoileanna.

**Nasc le Meas Ceacht Leantach**

Is ceacht OSPS é seo a ceapadh go sonrach chun leanúint den chaint Nasc le Meas. Déantar scrúdú sa cheacht seo ar ról na ndaoine éagsúla a bhfuil baint acu leis an mbulaíocht agus ar an gcaoi ar féidir féachadóirí a spreagadh chun idirghabháil a dhéanamh. Is é is aidhm don cheacht seo cumas scoláirí a fhorbairt le go ndéanfaidh siad cinntí freagracha nuair a fheiceann siad an bhulaíocht ag tarlú.

Ar fáil ag:
webwise.ie/ga/muinteoiri-ga/an-clar-nasc-le-meas

**Ceangailte**

Ceapadh an clár seo le tacú leis an ngearrchúrsa dar teideal ‘Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha’ de chuid na Sraithe Sóisearaí agus tugtar tús eolais do scoláirí ann maidir le litearthacht sna meáin dhigiteacha. Áirítear leis na topaicí a dtéitear i ngleic leo an t-olltiomsú sonraí, an fhaisnéis bhréagach, an fholláine agus an príobháideachas ar líne. Sa chéad mhodúl, tabharfar deis do na scoláirí fiosrúchán a dhéanamh ar na buntáistí agus ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí digiteacha ar fholláine an duine óig. Déanfaidh siad machnamh ar a nósanna digiteacha agus foghlaimeoidh siad conas ról na meán digiteach, agus na meán sóisialta go háirithe, a bhainistiú ina saol trí rólimirt ina ndéileáiltear le caidrimh agus le folláine ar líne.

webwise.ie/connected



**Taisceadáin**

Is acmhainn faisnéise agus oideachais é Taisceadáin a ceapadh chun cabhrú le scoileanna déileáil le heachtraí ina ndéantar íomhánna gáirsiúla de mhionaoisigh a chruthaigh siad féin a chomhroinnt agus chun cabhrú leo é sin a chosc. Is é is aidhm don acmhainn seo de chuid OSPS na Sraithe Sóisearaí comhbhá, ómós agus teacht aniar a chothú i measc daoine óga agus cuidiú leo na hiarmhairtí a bhíonn lena ngníomhartha a thuiscint. Dírítear go sonrach sna ceachtanna ar na dlíthe maidir leis an ngnéastéacsáil, ar an mbrú piarghrúpa agus ar an steiréitíopáil a chuireann leis an gcomhroinnt neamhthoilteanach agus dírítear ar an gcaoi ar féidir le scoláirí cúnamh a fháil nuair a tharlaíonn cásanna den chomhroinnt neamhthoilteanach.

webwise.ie/ga/taisceadain

**Paca Uirlisí Frithbhulaíochta #Up2Us**

Is acmhainn do mhúinteoirí agus do scoláirí OSPS na Sraithe Sóisearaí é an Paca Uirlisí Frithbhulaíochta #Up2Us. Is é is aidhm do na huirlisí scoláirí iar-bhunscoile a chumasú chun dul i ngleic leis an mbulaíocht ina bpobail áitiúla, go háirithe an chibearbhulaíocht. Áirítear san acmhainn Lámhleabhar #Up2Us do Mhúinteoirí ina bhfuil deich gceacht a chlúdaíonn an rannóg frithbhulaíochta de chúrsa nua OSPS na Sraithe Sóisearaí.

Féachann na ceachtanna le hidirphlé a chur chun cinn i measc na scoláirí ar an gcibearbhulaíocht ach úsáid a bhaint as modhanna gníomhacha tarraingteacha agus as faisnéis atá cothrom le dáta agus ábhartha. Trí phlé agus trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh i ngrúpaí beaga, cuireann an clár seo gníomhartha agus iompar dearfach chun cinn a chabhróidh le scoláirí timpeallacht frith-chibearbhulaíochta a chruthú ar fud na scoile agus sa domhan mór.


**Mol Webwise do Thuismitheoirí**

Cuireann Webwise réimse tacaíochtaí ar fáil do thuismitheoirí lena n-áirítear físeáin ina roinntear saineolas, treoracha mínithe, pointí le plé, acmhainní saor in aisce agus seicliostaí.

webwise.ie/ga/tuismitheoiri

webwise.ie

# Nótaí





Á chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Aontas Eorpach,
tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF).

webwise.ie

PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Co-financed by the European Union
Connecting Europe Facility